# Saol Ella

## Eipeasóid 4: Ceacht 2

Tá an ceacht seo bunaithe ar an gclár *Saol Ella* – Eipeasóid 4: Cuid 2 **(11:56 – 24:03).**
Tá an mhír físe ar fáil ag: **https://snas.ie/lessons/eipeasoid-4-ceacht-2/**

**A. RÉAMHOBAIR**

Sula mbreathnóidh tú ar an mír físe, pléigh na ceisteanna seo a leanas:

1. San eipeasóid dheireanach tháinig Liam ar bhealach seiftiúil chun airgead a thuilleamh. Céard a bhí ann? Cén fáth a mbíonn sé de shíor ag iarraidh airgead a shaothrú?

2. Úsáideann Josh an **leasainm** 'Els' d'Ella san eipeasóid seo. Is léir gur **téarma ceana** é sin. Samplaí eile de théarmaí ceana na Gaeilge iad 'a stór', 'a leanbh' agus 'a chroí'. An bhfuil aon téarma nó ainm ceana a thugann tusa ar dhaoine eile nó a thugann daoine eile ortsa? Cén chaoi a mothaíonn tú nuair a thugann daoine ainmneacha ceana ort?

3. Is léir go bhfuil an-spéis ag Ella in Josh ach tá spéis ag Saorla ann freisin. Cé acu den bheirt a bheidh le Josh faoi dheireadh na sraithe, an dóigh leat?





snas.ie
© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**B. CLUASTUISCINT**

**Anois, féach ar an mír físe agus freagair na ceisteanna thíos.**

1. Úsáideann Treas an nath **'Is binn béal ina thost'**. Céard atá i gceist aici?

2. Cé a thugann cead do Josh dul chuig Rásaí na gCurrach?
   a. Gearóidín
   b. Máirín Jude
   c. Dan



3. Cén **leithscéal** a úsáideann Liam le dul amach go dtí an tseid?

4. Cén **rún is mó** atá Ella agus Liam ag iarraidh a choinneáil?

5. Céard é an rud a thairgeann cara Josh dó sa chistin?
   a. ticéad le dul chuig Prom an Choláiste
   b. ticéad le dul chuig na Rásaí na gCurrach
   c. ticéad le dul chuig Trad on the Prom

6. **Cén áit** a bhfuil Máirín imithe agus **cén fáth?**

7. Cén **chúis is mó** a gcreideann Dan go bhfuil an lá millte air?

8. Cén duais a bhuaigh Máirín ar an raidió?
   a. turas ar bhád seoil
   b. turas ar bháidín
   c. turas ar bhád mór

9. Cén fáth nach ngearrann Liam airgead ar Alanna as aire a thabhairt dá hainmhithe agus í imithe?

10. Cén chaoi a gcloiseann Ella faoi thimpiste Shaorla agus í amuigh le Josh?





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**C. CARACHTRACHT**

Bunaithe ar an eolas atá agat faoi na carachtair go dtí seo, an féidir leat na focail *is fearr* a oireann a chur isteach sna bearnaí?



| | |
|---|---|
| 1. Is _________________________ iontach é **Josh**. | a. damhsóir<br>b. peileadóir<br>c. cainteoir |
| 2. Buachaill óg ____________________é **Liam**. | a. brónach<br>b. cliste<br>c. amaideach |
| 3. Caitheann **Murt** a lán ama thuas ar an bpáirc ________________. | a. iománaíochta<br>b. peile<br>c. camógaíochta |
| 4. Cailín óg ________________________í **Saorla Ní Mhurchú**. | a. nimhneach<br>b. cineálta<br>c. greannmhar |
| 5. Tá ______________ ag Maigh Rua ar **Mháirín Jude**. | a. drochmheas<br>b. cion<br>c. ardmheas |
| 6. Tá spéis an-mhór ag **Rónán** i gcúrsaí________________. | a. spóirt<br>b. eolaíochta<br>c. teicneolaíochta |
| 7. Ní thugann Dan (Daid) go leor ___________ d'**Ella**. | a. airgid<br>b. grá<br>c. saoirse |
| 8. Is príomhoide thar a bheith ________________í **Gearóidín**. | a. éifeachtach<br>b. díomách<br>c. mí-eagraithe |
| 9. Caitheann **Ferdia** a lán ama ____________ le Gearóidín. | a. ag siúl<br>b. ag cuidiú<br>c. ag teagasc |
| 10. Tá **Ella** an-mhaith ag seinm ____________. | a. an phianó<br>b. an ghiotáir<br>c. na fidle |





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

| | |
|---|---|
| 11. Is cara _________________í **Treas**. | a. dílis<br>b. mídhílis<br>c. leithleach |
| 12. Tá spéis ag **Naoise** __________________. | a. i Saorla<br>b. i dTreas<br>c. in Ella |
| 13. Caitheann **Mamó** go ____________leis na Gaeilgeoirí sa teach. | a. cantalach<br>b. crosta<br>c. cineálta |
| 14. Tosaíonn **Bróna** ag baint______________ as an gcúrsa. | a. mí-úsáid<br>b. sult<br>c. tairbhe |
| 15. Ní duine _________________í **Lúsaí**. | a. róchiallmhar<br>b. róchinnte<br>c. róchainteach |










snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**D. SAIBHREAS & FEASACHT TEANGA**:

1. **An focal 'aire':**
   a. Úsáideann Ella an nath 'aire na huibhe' san eipeasóid seo. Céard is brí leis sin?
   b. Cén inscne atá ag an bhfocal 'aire'? Tabhair aire; ní freagra simplí atá ar an gceist! Féach ar https://www.teanglann.ie/en/fgb/aire mura bhfuil tú cinnte.
   c. Seo roinnt nathanna eile a bhaineann leis an bhfocal 'aire'. Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú. Bain úsáid as www.focloir.ie más gá.



| | |
|---|---|
| tabhair aire | |
| togha na haire | |
| Ar aire! | |
| aire mhaith | |
| Aire Oideachais | |
| ar m'aire | |

2. **Fógra:** Léigh an fógra seo ó Nuachtlitir Pharóiste Mhaigh Rua agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis.

***PICNIC AGUS PAIDRÍN i gCNOC MHUIRE***

Beidh an turas bliantúil go Cnoc Mhuire, Co. Mhaigh Eo ar siúl **Dé Sathairn 16 Lúnasa 2025**. Is oilithreacht álainn í seo a tharlaíonn gach bliain. Is í **Máirín Jude Ní Fhathartha** an té a eagraíonn an turas seo agus táimid an-bhuíoch di.

Beidh an bus ag fágáil ó **charrchlós Shéipéal Mhaigh Rua** ar **7am** Dé Sathairn 16 Lúnasa. Tá spás ann do 60 duine. Cosnaíonn ticéad an bhus **€25** agus beifear ag súil leis go mbeidh an bus ar ais i Maigh Rua ar **10pm** tráthnóna.

Beidh cúpla aifreann éagsúil ar siúl le linn an lae agus cuirfear clabhsúr ar an lá le mórshiúl ón séipéal le coinnle lasta. Lá álainn a bheidh ann a thabharfaidh an pobal le chéile. Beidh fáilte roimh pháistí freisin.

Beidh **picnic bhreá** ag Máirín Jude, mar is dual di, ar an bhfaiche mhór i lár an bhaile ar a **3pm**. Tá cáil i gcéin agus i gcóngar ar chácaí, arán, ceapairí, pióga agus béilí Mháirín. Mar sin féin, **iarrfar ar gach duine rud beag a thabhairt** ar an lá le cur leis an bpicnic. Cuirfear fáilte roimh shólaistí de gach saghas agus roimh dheochanna.



Ná déanaigí dearmad **scáth báistí, cóta breá teolaí agus buataisí** a thabhairt libh. Níl cuma rómhaith ar réamhaisnéis na haimsire.

**Tuilleadh eolais**: máirínjudenífhathartha9mbliana@paróistemhaighrua.ie




snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

a. Céard is brí leis na focail agus frásaí seo a leanas atá sa téacs?

| | |
|---|---|
| paidrín | |
| oilithreacht | |
| mar is dual di | |
| faiche mhór | |
| i gcéin agus i gcóngar | |
| sólaistí | |
| teolaí | |
| réamhaisnéis | |



b. **An briathar saor san aimsir fháistineach:** Tá roinnt samplaí den bhriathar saor san aimsir fháistineach le feiceáil san fhógra. Aimsigh 3 shampla agus abair céard is brí leo.

| **Samplaí** | **Brí** |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

Cén fáth a n-úsáidtear an fhoirm sin den bhriathar go minic i bhfógraí den chineál seo?

c. **Foirmeacha éagsúla gramadaí:** Anois, aimsigh sampla amháin de na foirmeacha seo a leanas sa téacs:

| | |
|---|---|
| Aidiacht san uimhir uatha i ndiaidh ainmfhocal baininscneach | |
| An modh ordaitheach uimhir iolra | |
| Tuiseal ginideach uimhir uatha baininscneach | |
| Ainm briathartha | |
| Réamhfhocal comhshuite | |





snas.ie


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**E. CAINT**

1. An mbeadh spéis agat féin freastal ar ócáid Mháirín Jude i gCnoc Mhuire? Cén fáth?

2. Déanann Dan an-iarracht lá mór teaghlaigh a eagrú. An raibh lá deas teaghlaigh riamh agat féin? Déan cur síos air don duine atá in aice leat. Luaigh na nithe seo a leanas sa chomhrá:
   - **An ócáid** a bhí i gceist
   - **An áit** a ndeachaigh sibh
   - **Na rudaí a tharla nó na rudaí** a rinne sibh le chéile
   - **Conas** a mhothaigh tú ag deireadh na hócáide









snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**FREAGRAÍ AGUS TREOIR**

**A. RÉAMHOBAIR**

Is féidir na ceisteanna seo a phlé le chéile ag tús an ranga le cabhrú leis na daltaí réamheolas ábhartha faoin mír físe a thabhairt chun cuimhne sula mbreathnaíonn siad uirthi.

**B. CLUASTUISCINT**



1. 'Is binn béal ina thost' = Is fearr uaireanta gan tada a rá.
2. a. Gearóidín.
3. Deir Liam go gcaithfidh sé a bhuicéad agus a spád a fháil ón tseid.
4. Go bhfuil ainmhithe á gcoinneáil sa tseid ag Liam.
5. c. ticéad le dul chuig Trad on the Prom
6. Tá Máirín i gCnoc Mhuire le haghaidh 'Paidrín agus Picnic'.
7. Bhris Ella agus Liam rialacha an tí maidir le hainmhithe a choinneáil.
8. a. turas ar bhád seoil
9. Níor ghearr sé aon airgead uirthi mar ba bheag nár chaill sé iad.
10. Seolann Josh pictiúir chuici ar an bhfón.

**C. CARACHTRACHT**

1. Is (a) damhsóir iontach é **Josh**.
2. Buachaill óg (b) cliste é **Liam**.
3. Caitheann **Murt** a lán ama thuas ar an bpáirc (b) peile.
4. Cailín óg (a) nimhneach í **Saorla Ní Mhurchú**.
5. Tá (c) ardmheas ag Maigh Rua ar **Mháirín Jude**.
6. Tá an-spéis ag **Rónán** i gcúrsaí (b) eolaíochta.
7. Ní thugann Dan (Daid) go leor (c) saoirse d'**Ella**.
8. Is príomhoide thar a bheith (a) éifeachtach í **Gearóidín**.
9. Caitheann **Ferdia** a lán ama (b) ag cuidiú le Gearóidín.
10. Tá **Ella** an-mhaith ag seinm (b) an ghiotáir.
11. Is cara (a) dílis í **Treas**.
12. Tá spéis ag **Naoise** (c) in Ella.
13. Caitheann **Mamó** go (c) cineálta leis na Gaeilgeoirí sa teach.
14. Tosaíonn **Bróna** ag baint (b) sult as an gcúrsa.
15. Ní duine (a) róchiallmhar í **Lúsaí**.





snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**D. SAIBHREAS & FEASACHT TEANGA**:

1. **An focal 'aire':**
   a. 'aire na huibhe' = aire an-mhaith
   b. Tá roinnt bríonna ag baint leis an bhfocal 'aire':
      - an aire (baininscneach) = the care/ attention
      - an tAire (firinscneach) = the minister
   **c.** Cuardaigh na nathanna eile a bhaineann le 'aire' ar na suíomhanna seo a leanas le teacht ar abairtí samplacha: www.focloir.ie, www.teanglann.ie, www.corpas.ie



2. **Fógra:**
   **a. Stór focal ón téacs:**

| | |
|---|---|
| paidrín | *rosary* |
| oilithreacht | *pilgrimage* |
| mar is dual di | *as she is known to do* |
| faiche mhór | *big green*<br>*(*i nGaillimh, ciallaíonn 'An Fhaiche Mhór' Eyre Square)* |
| i gcéin agus i gcóngar | *near and far* |
| sólaistí | *refreshments* |
| teolaí | *cosy* |
| réamhaisnéis | *forecast* |

   **b. An briathar saor aimsir fháistineach – samplaí ón téacs:**

| **Samplaí** | **Brí** |
|---|---|
| **Beifear** ag súil ... | *It **will be expected** ...* |
| **Cuirfear** clabhsúr ar an lá | *The day will be brought to a close* |
| **Iarrfar** ar gach duine rud beag a thabhairt | *Everyone **will be asked** to bring something small* |
| **Cuirfear** fáilte roimh shólaistí | *Refreshments **will be welcomed**.* |



Úsáidtear an briathar saor aimsir fháistineach go minic i bhfógraí poiblí den chineál seo nuair nach luaitear an duine a dhéanfaidh an gníomh. Cuireann sé sin cuma níos foirmiúla agus níos gairmiúla ar an bhfógra.



snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**c. Foirmeacha éagsúla gramadaí - samplaí ón téacs:**

| | |
|---|---|
| Aidiacht san uimhir uatha i ndiaidh ainmfhocal baininscneach | oilithreacht álainn<br>picnic bhreá<br>bhfaiche mhór |
| An modh ordaitheach uimhir iolra | Ná déanaigí dearmad ... |
| Tuiseal ginideach uimhir uatha baininscneach | réamhaisnéis na haimsire |
| Ainm briathartha | ag fágáil<br>ag súil<br>a thabhairt |
| Réamhfhocal comhshuite | le linn an lae<br>i lár an bhaile |



**E. CAINT**

Tabhair deis do na daltaí na ceisteanna seo a phlé i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga.





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad